Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Aibreán 2023
(OR. en)

6075/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0019(NLE)**

POLCOM 22
UD 27
COASI 24
ASIE 15

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 1 a bhaineann leis an sainmhíniú ar an gcoincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin |

**CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 1 a bhaineann leis an sainmhíniú ar an gcoincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam[1] ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/753 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2020.

(2) De bhun Airteagal 36 de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú (Prótacal 1), féadfaidh an Coiste um Chustaim athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Phrótacal 1agus togra a thíolacadh le haghaidh cinneadh a bheidh le glacadh ag an gCoiste um Thrádáil.

(3) De bhun Airteagal 17.1 den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil le cinntí a mheas agus a ghlacadh, i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin sa Chomhaontú, maidir le haon ábhar a chuirfidh an Coiste um Chustaim faoina bhráid.

(4) Tá an Coiste um Thrádáil le Cinneadh a ghlacadh lena leasófar Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1.

(5) Tugadh isteach leasuithe an 1 Eanáir 2017 agus an 1 Eanáir 2022 i ndáil leis an ainmníocht atá faoi rialú an Choinbhinsiúin ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('CC'). Tá gá leis an gCinneadh sin chun Prótacal 1 agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a thabhairt cothrom le dáta chun an leagan is déanaí de CC a léiriú.

---

[1] IO L 186, 12.6.2020, lch. 3.

[2] Cinneadh (AE) 2020/753 ón gComhairle an 30 Márta 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam (IO L 186, 12.6.2020, lch. 1).

(6) Níl aon choinníoll in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 maidir le táirgí cniotáilte nó cróiseáilte faoi Cheannteideal 6212 a mheas mar tháirgí leoroibrithe nó leorphróiseáilte. Ní féidir an riail atá i gCaibidil 62 inIarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin, ós rud é go bhfuil an riail teoranta do tháirgí nach bhfuil cniotáilte ná cróiseáilte. Dá bhrí sin, ba cheart riail shonrach a chur isteach maidir le táirgí cniotáilte nó cróiseáilte faoi Cheannteideal 6212.

(7) Tá an t-oibriú nó an phróiseáil is gá le haghaidh táirgí a aicmítear i gCaibidil 41 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 le cur isteach sa cholún ábhartha san Iarscríbhinn sin.

(8) D'fhéadfaí an focal 'aonair' sa tríú agus sa cheathrú coinníoll den oibriú nó den phróiseáil is gá le haghaidh táirgí a aicmítear i gCaibidil 19 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a léiriú ar bhealaí éagsúla a mhéid a bhaineann le cion na n-ábhar atá i gCaibidil 4 agus le cion an tsiúcra. Chun an riail a shoiléiriú, tá an focal 'aonair' le sciosadh sa dá chás.

(9) Le haghaidh na dtáirgí teicstíle atá aicmithe i gCaibidil 62 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1, ba cheart tagairt do na lamháltais a chur isteach sa cholún maidir le na rialacha malartacha éagsúla maidir leis an oibriú nó an phróiseáil is gá..

(10) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Thrádáil a bhunú , ós rud é go mbeidh Cinneadh an Choiste um Thrádáil ina cheangal ar an Aontas.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Trádáil a bheith bunaither ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Thrádáil mioncheartuithe teicniúla ar an Dréachtchinneadh a chomhaontú gan aon cinneadh breise ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*